snas TV
NUACHT TG4

# Seirbhís leathanbhanda

Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin tseirbhís leathanbhanda (*broadband service*) atá ar fáil in Oileáin Árann. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| leathanbhanda<br>idirlíon | *network*<br>*high-speed* |

1. Cén fáth a bhfuil an t-idirlíon agus/nó ceangal leathanbhanda tábhachtach i do shaol?

2. Tá timpeall 80 oileán timpeall chósta na hÉireann agus tá daoine ina gcónaí ar 20 díobh sin. Ar thug tú cuairt ar aon cheann de na hoileáin sin riamh? Ar mhaith leat a bheith i do chónaí ar oileán? Cén fáth?

3. An gceapann tú go bhfuil ceangal leathanbhanda ar na hoileáin ar fad? Cén fáth?

4. Luafar na hoileáin thíos sa mhír. Meaitseáil na hainmneacha Gaeilge leis na hainmneacha cuí as Béarla. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil na hoileáin sin?

| | |
|---|---|
| 1. Inis Toirc | a) Turbot Island |
| 2. Tairbeart | b) Rutland Island |
| 3. Inis Uí Drisceoil | c) Heir (Hare) Island |
| 4. Inis Mhic an Doirn | d) Inishturk Island |



# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. leathanbhanda ardluais | a. *planned* |
| 2. áitreabh | b. *salaries* |
| 3. urlabhraithe | c. *access* |
| 4. beartaithe | d. *premises* |
| 5. tuarastail | e. *surveying works* |
| 6. borradh | f. *network* |
| 7. líonra | g. *high-speed broadband* |
| 8. soláthar | h. *reliable* |
| 9. iontaofa | i. *spokespeople* |
| 10. obair shuirbhéireachta | j. *growth* |
| 11. rochtain | k. *supply* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | |

2. Cad is brí leis na frásaí seo a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír? Conas a deir tú féin an rud céanna?

   ag maireachtáil (ag maireachtaint) / lonnaithe / ag cur fúthu ____________________________

3. Deir Siún sa mhír: '… agus tuarastail mhaithe á dtuilleamh acu.' Téigh go dtí www.teanglann.ie chun brí an bhriathair 'tuill' a aimsiú.

4. Cad is ainm do na hoileáin atá mar chuid d'Oileáin Árann? Cuir an uimhir chuí in aice leis an oileán ceart.



1. Inis Mór
2. Inis Meáin
3. Inis Oírr

# C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach? Cuir tic leis an bhfreagra ceart.

| Na ráitis | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| a) **Fuair a lán áiteanna i gConamara líonra leathanbhanda den chéad uair i mí Feabhra.** | | |
| b) **Beidh líonra nua leathanbhanda ar fáil ar Oileáin Árann go luath.** | | |
| c) **Beidh teacht ag míle teach ar Oileáin Árann ar cheangal leathanbhanda iontaofa.** | | |
| d) **Deir Chloe Ní Mháille nach dteastaíonn ceangal idirlín ó dhaoine sa bhaile.** | | |
| e) **Deir sí freisin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh pá maith ag daoine ar na hoileáin.** | | |
| f) **Tá líonra leathanbhanda ardluais ar fáil ar 10 n-oileán go dtí seo.** | | |
| g) **Deir Mac Dara go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh na seirbhísí ar fad suas chun dáta do na daoine óga.** | | |
| h) **Beidh rochtain ag 4,000 áitreabh ar fud na Gaillimhe ar líonra leathanbhanda faoi dheireadh an phlean.** | | |

2. Féach ar an mír arís agus líon na bearnaí sa script. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi **B: FOCLÓIR**.

- Beidh teacht ag míle áitreabh ar cheangal leathanbhanda ________________ ar na hoileáin go luath.
- Tá fáilte curtha ag muintir Árann roimh sheirbhís _________________ a bheidh ar fáil do bhreis is míle _________________ ar Oileáin Árann.
- Deir _________________ áitiúla go gcuirfidh an plean atá _________________ ar chumas daoine _________________ mhaithe a thuilleamh.
- Cuirfear tús leis an _________________ sna seachtainí amach romhainn agus beidh _________________ ag 40,000 áitreabh ar fud na Gaillimhe ar cheangal leathanbhanda. iontaofa
- Fógraíodh go raibh ________________ mór tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil teacht acu ar _________________ Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann.
- Tá forbairt eile le teacht ar an ________________ sna seachtainí atá amach romhainn.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an t-ainmfhocal san iolra)

### a) Lagiolra

Nuair a chuardaítear an focal ‘áitreabh’ san fhoclóir seo an t-eolas a thugtar:

**áitreabh**[1], *m.* (*gs.* & *npl.* **-ribh**, *gpl.* ~).

i. Cad is brí le ***npl.*** agus ***gpl.***?

ii. Cad is brí leis an líne ~ ?

### b) Tréaniolra

Nuair a chuardaítear an focal ‘gnó’ san fhoclóir seo an t-eolas a thugtar. Cad is brí le ***pl.***?

**gnó**, *m.* (*gs.* ~, *pl.* ~**thaí**).

### c) Samplaí eile

Féach ar na hainmfhocail thíos a bhí le cloisteáil sa mhír. An lagiolraí nó tréaniolraí iad? Téigh go dtí www.teanglann.ie chun an t-eolas sin a aimsiú.

| Uimhir uatha | Uimhir iolra | Lagiolra nó tréaniolra? |
|---|---|---|
| urlabhraí | urlabhraithe | ***tréaniolra*** |
| tuarastal | tuarastail | |
| buntáiste | buntáistí | |
| oileán | oileáin | |
| duine | daoine | |

## 2: Saibhreas teanga (pointí ama)

a) Tá cló trom ar na focail/frásaí a bhaineann le cúrsaí ama ón script. Cad is brí leo?

**I rith** COVID chonaic muid sin.
Tá forbairt le teacht ar an soláthar sna seachtainí **amach romhainn**.
Tá líonra leathanbhanda ag 10 n-oileán **cheana féin**.
Cuirfear tús leis an obair shuirbhéireachta agus dearfar plean **ina dhiaidh sin**.

b) Bain úsáid as na pointí ama thuas (a bhfuil cló trom orthu) chun abairtí a chumadh atá fíor fút féin.

c) Cuir do chuid abairtí i gcomparáid le habairtí an duine in aice leat.

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag cur ceisteanna ar a chéile faoin idirlíon. Glacaigí sealanna na ceisteanna a chur ar a chéile.

Duine A

Cé mhéad uair an chloig a chaitheann tú ar líne gach lá?

Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an idirlíon a úsáid ar scoil?

An mbeifeá in ann a bheith beo gan aon idirlíon ar feadh seachtaine? Cén fáth?

Cén aois a bhí tú nuair a fuair tú do chéad ríomhaire?

Samhlaigh nach mbeidh teacht agat ar an idirlíon ag an deireadh seachtaine atá amach romhainn. Cad iad na rudaí breise a dhéanfaidh tú le linn an deireadh seachtaine?



Duine B

Cé mhéad téacs a chuireann tú gach lá?

Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann leis an idirlíon a úsáid ar scoil?

Conas a bhaineann tú úsáid as na meáin shóisialta?

Cén aois a bhí tú nuair a fuair tú do chéad ghuthán cliste?

Samhlaigh nach mbeidh teacht agat ar an idirlíon ag an deireadh seachtaine atá amach romhainn. Cad iad na rudaí breise a dhéanfaidh tú le linn an deireadh seachtaine?

## 2: Scríobh

Scríobh postáil do na meáin shóisialta faoin deireadh seachtaine a bheidh agat gan idirlíon.

| |
|---|
| *Tá súil agam deireadh seachtaine a chaitheamh gan úsáid a bhaint as an idirlíon ar chor ar bith.* |
| *Beidh sé deacair ach beidh níos mó ama agam le mo theaghlach …* |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Tá fáilte curtha ag muintir Árann roimis[1] an gcéad chéim eile den bPlean[2] Náisiúnta Leathanbhanda, ina gcuirfear seirbhís leathanbhanda ardluais ar fáil do bhreis is míle áitreabh ar thrí oileán Árann sna seachtainí romhainn. Deir urlabhraithe áitiúla go gcuirfidh an plean atá beartaithe ar chumas daoine fanacht ag maireachtaint[3] ar na hoileáin agus tuarastail mhaithe á dtuilleamh acu.

**Donncha Ó Murchú**
I mí Feabhra na bliana seo, fógraíodh go raibh borradh mór tagtha faoi líon na n-áitreabh agus na ngnóthaí i gConamara a bhfuil teacht anois acu ar líonra Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann. Tá forbairt eile le teacht ar an soláthar sna seachtainí atá amach romhainn agus é beartaithe ag Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann líonra nua ardluais a chur ar fáil ar Oileáin Árann. Tá fáilte curtha ag muintir na nOileán roimh an bhforbairt seo a chiallaíonn go mbeidh teacht ag os cionn míle tigh ar Inis Mór, ar Inis Meáin agus ar Inis Oírr ar cheangal leathanbhanda iontaofa.

**Chloe Ní Mháille, Bainisteoir Chomhar Caomhán Teo.**
I rith COVID, chonaic muid sin. Bhí daoine ag iarraidh teacht abhaile agus obair ón mbaile. Faoi láthair sa gComharchumann,[4] tá gteic beag ann thuas staighre agus feicimid daoine ag iarraidh obair ón mbaile ach teastaíonn idirlíon níos láidre freisin go mbeidh na buntáistí agus deiseanna sin ann. Go háirithe, oileán atá ag brath ar thurasóireacht, tá sé tábhachtach go mbeidh postanna eile ar fáil. Agus ó thaobh na faidhbe tithíochta de, go mbeidh daoine ábalta a bheith anseo agus lonnaithe ar phá maith freisin. Tá sé sin go fíorthábhachtach.

**Donncha Ó Murchú**
Tá líonra leathanbhanda ardluais curtha ar fáil ag an gcomhlacht Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann ar 10 gcinn d'oileáin timpeall na tíre cheana féin. Ina measc sin tá Inis Toirc agus Tairbeart amach ó chósta na Gaillimhe, Inis Uí Drisceoil ar chósta Chorcaí agus Inis Mhic an Doirn ar chósta Dhún na nGall. An aidhm atá ag an bplean ná brú a laghdú orthu siúd atá ag cur fúthu i gceantar tuaithe.

**Mac Dara Ó Conaola, Amhránaí, Inis Oírr**
Tá sé tábhachtach, go háirithe do na daoine óga, go mbeadh rudaí suas chun dáta. Don dream óg, ansin, go gcuirfeadh sé fonn orthu, an bhfuil a fhios agat, fanacht ar an oileán agus, an bhfuil a fhios agat, an teanga a choinneáil beo agus na rudaí, na seirbhísí sin uilig a bheith acu.

**Donncha Ó Murchú**
Cuirfear tús leis an obair shuirbhéireachta ar Oileáin Árann sna seachtainí atá romhainn amach agus ina dhiaidh sin, déanfar an plean a dhearadh. Tá sé i gceist ag Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann go mbeadh rochtain ag 40,000 áitreabh ar fud na Gaillimhe ar líonra leathanbhanda iontaofa faoi dheireadh an phlean.

Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

---

[1] roimis = leagan canúnach de 'roimh'
[2] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[3] ag maireachtaint = leagan canúnach de 'ag maireachtáil'
[4] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó seachas:

Ceist 3: Is féidir a rá nach bhfuil ceangal leathanbhanda ar fáil ar na hoileáin áitrithe ar fad. Ná tabhair an freagra beacht dóibh fós, áfach. Beidh sé le cloisteáil sa mhír. (Tá ceangal leathanbhanda ar fáil ar dheich n-oileán.)
Ceist 5: Féach:

| | |
|---|---|
| 1. Inis Toirc | e) Inishturk Island (Co. Mhaigh Eo) |
| 2. Tairbeart | f) Turbot Island (Co. na Gaillimhe) |
| 3. Inis Uí Drisceoil | g) Heir (Hare) Island (Co. Chorcaí) |
| 4. Inis Mhic an Doirn | h) Rutland Island (Co. Dhún na nGall) |

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| leathanbhanda ardluais | *high-speed broadband* |
| áitreabh | *premises* |
| urlabhraithe | *spokespeople* |
| beartaithe | *planned* |
| tuarastail | *salaries* |
| borradh | *growth* |
| líonra | *network* |
| soláthar | *supply* |
| iontaofa | *reliable* |
| obair shuirbhéireachta | *surveying works* |
| rochtain | *access* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | d | i | a | b | j | f | k | h | e | c |

2. Ina gcónaí.
3. Tuill – *earn, deserve.*
4. Féach:




**C: TUISCINT**

1. Féach:

a) Bréagach. **Fógraíodh** go raibh borradh mór tagtha ar líon na ndaoine i gConamara a bhfuil teacht acu ar líonra leathanbhanda **i mí Feabhra**.
b) Fíor.
c) Fíor.
d) Bréagach. Dúirt sí a mhalairt.
e) Fíor.
f) Fíor.
g) Fíor.
h) Bréagach. Beidh rochtain ag 40,000 áitreabh.

2. Féach:

- Beidh teacht ag míle áitreabh ar cheangal leathanbhanda **iontaofa** ar na hoileáin go luath.
- Tá fáilte curtha ag muintir Árann roimh sheirbhís **leathanbhanda ardluais** a bheidh ar fáil do bhreis is míle **áitreabh** ar Oileáin Árann.
- Deir **urlabhraithe** áitiúla go gcuirfidh an plean atá **beartaithe** ar chumas daoine **tuarastail** mhaithe a thuilleamh.
- Cuirfear tús leis an **obair shuirbhéireachta** sna seachtainí amach romhainn agus beidh **rochtain** ag 40,000 áitreabh ar fud na Gaillimhe ar líonra leathanbhanda iontaofa.
- Fógraíodh go raibh **borradh** mór tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil teacht acu ar **líonra** Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann.
- Tá forbairt eile le teacht ar an **soláthar** sna seachtainí atá amach romhainn.

**D: FEASACHT TEANGA**

## 1: Cruinneas gramadaí (an t-ainmfhocal san iolra)

### a) Lagiolra

i. Ciallaíonn ***npl.*** *nominative plural* nó an t-ainmfhocal sa tuiseal ainmneach san uimhir iolra agus ciallaíonn ***gpl.*** *genitive plural* nó an t-ainmfhocal sa ghinideach iolra.
ii. Ciallaíonn an líne ~ sin gurb ionann an t-ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra agus an t-ainmfhocal sa tuiseal ainmneach uatha, is é sin an focal a chuardaítear san fhoclóir.

### b) Tréaniolra

Ciallaíonn ***pl.*** *plural* sa Bhéarla nó an t-ainmfhocal san uimhir iolra sa Ghaeilge; is é sin, is ionann an t-ainmfhocal san uimhir iolra agus an t-ainmfhocal sa ghinideach iolra.

**c)** Féach:

| Uimhir uatha | Uimhir iolra | Lagiolra nó tréaniolra? |
|---|---|---|
| urlabhraí | urlabhraithe | ***tréaniolra*** |
| tuarastal | tuarastail | lagiolra |
| buntáiste | buntáistí | tréaniolra |
| oileán | oileáin | lagiolra |
| duine | daoine | tréaniolra |

## 2: Saibhreas teanga (pointí ama)

Féach:
I rith – *during*
amach romhainn – *ahead (of us)*
cheana féin – *already*
ina dhiaidh sin – *after that*

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Iarr ar dhuine A na ceisteanna ar fad faoi Dhuine A a chur ar an duine eile. Ansin iarr ar dhuine B na ceisteanna ar fad faoi Dhuine B a chur ar dhuine A. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

### 2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr (san aimsir fháistineach) a scríobh faoin gcineál deireadh seachtaine **a bheidh** acu gan aon idirlíon. Mínigh gurb í an aimsir fháistineach a bheas in úsáid acu.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

*Curtha ar fáil ag*
Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil
*le tacaíocht ó*
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4